Ealaín na Gaeltachta

Stór
gráinní fearthainne
i measc an arbhair id shúil
fómhar goirt



Samhain 2006

Eisithe ag Ealaín na Gaeltachta Teo,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
(091) 503 220 ealain@udaras.ie

Caoimhghín Ó Fraithile – Ealaíontóir atá tugtha don áit

Tugadh cuireadh i mbliana do Chaoimhghín Ó Fraithile, páirt a ghlacadh san Echigo-Tsunami Art Triennial ceann de na himeachtaí ealaíne is tábhachtaí sa tSeapáin.

Bhí Caoimhghín Ó Fraithile i measc breis is 200 ealaíontóir as 40 tír éagsúil a ghlac páirt i dtaispeántas Echigo-Tsunami Art Triennial, a scaip thar thírdhreach 700 ciliméadar de shléibhte, ghoirt agus bhailte beaga. Aidhm an Trienniel, athbheochan a tabhairt d'áit atá tar éis meath daonna agus drochaimsir a fheiceáil thar thréimhse fhada. Cuireann an Triennial áilleacht na timpeallachta i gcuimhne dúinn, chomh maith le saibhreas de satoyama – spioradáltacht mhuintir na Seapáine.

Tá Echigo-Tsumari lonnaithe i gceantar Niigata sa tSeapáin, thart ar cheithre huaire taistil ó Toyko, pobal beag céad duine, Uwano, lonnaithe i mbaile beag thuas go hard sna sléibhte. Tá formhór den phobal an-sean agus faigheann siad 4m sneachta sa bhliain.

I ngarraí ríse atá dealraimh Chaoimhghín suite. Is é 'An Scamall a bhíonn ag Gol' teideal an phíosa. An smaoineamh atá taobh thiar de ná go bhfuil spiorad ag an scamall. Dhá struchtúr atá ann. Seasann an ceann uachtarach don scamall. Tá díon pirimideach air a léiríonn go bhfuil scrín nó teampall laistigh. Léiríonn na ceirteacha a chrochann síos, an scamall ag caoineadh nó ag cur báistí, nuair a shéideann

siad sa ghaoth. Is ofráil, paidir, nó mian gach ceann acu. Tá díon tuí agus ríse ar an struchtúr íochtarach, an talamh laistigh i bhfoirm croise. Tá poill sa díon a dhíríonn do shúile ar an scamall agus ar na ceirteacha os do chionn. Agus tú ag dul isteach sa struchtúr caithfidh tú táirseach a thrasnú, rud a chuireann iachall ort cromadh síos. Tá an struchtúr seo líonta le

ceirteacha laistigh freisin, agus scríofa orthu tá na focail ‘sneachta ag leá’. An brí atá leis seo ná ceangal a dhéanamh idir an sneachta sa réigiún agus an scamall ag leá. Tugann sé le fios freisin, nuair a chaoineann muid, guíonn muid, scaoileann muid. Tugann cosán thú chomh fada leis an struchtúr agus tá an garraí líonta le huisce..

Níos gaire don bhaile, bhí Caoimghín i mbun dhá thionscnamh le tamall anuas mar chuid dá thréimhse cónaitheach le Gailearaí Shiamsa Tíre i dTrá Lí. Bhí taibhshuiteáil ar taispeáint aige dar teideal 'She was lost at sea, lost at sea', machnamh ar fhéiniúlacht an duine sa chultúr ina maireann sé/sí. Ath-thógáil ar fhothrach tí a chruthaigh sé i Com a’Lochaigh. Is scrín/tearmann a chruthaigh sé ann in onóir do mhuintir an tí sin nach maireann le blianta fada. Tá an taibhshuiteáil seo suite i ngarraí iargúlta agus caithfear iarracht a dhéanamh teacht chomh fada leis. Is siombal é an 'turas' seo d'oilithreacht spioradálta ar thóir féiniúlachta atá fréamhaithe sa talamh agus sa seanchultúr áitiúil.

Is as Luimneach don dealbhóir Caoimhghín Ó Fraithile ach tá cónaí ar sa Daingean ó 2001. Tá sé ag cruthú aitheantais dó fein go hidirnáisiúnta mar ealaíontóir a oibríonn ar thionscnaimh ealaín timpeallachta. D'oibrigh sé i Taiwan, sna Stáit Aontaithe agus is gearr go dtabharfaidh sé aghaidh ar an gCoiré sa nuabhliain chun tréimshe a chaitheamh ansin, ag oibriú ar mhórchoimisiún ealaíne faoi UNESCO.

Mar dhuine, bíonn braisceant ait á lorg aige agus an ceangal idir áiteanna iargúlta agus bailte. Cuireann sé an-suim sa traidisiún agus in athnuachan agus leanúnachas an traidisiúin.

Bhí Caoimhghín ar dhuine de na healaíontóirí a fuair sparánacht ó Ealaín na Gaeltachta i 2006.

Cuimhní cinn, oidhreacht áitiúil agus gloine daite

Tharla dhá thogra phobail shuimiúla, faoi stiúir an ealaíontóra Ceara Conway i rith na bliana seo: **Oileán Trí Ghloine**; athshamhlú na hoidhreachta faoi choimirce Áras Éanna agus **Ó Ghlúin go Gloine** le Pléaráca Teo.

Is sraith de chúig phainéal ghloine daite atá in *Ó Ghlúin go Gloine* a rinne grúpa as Ros Muc faoi stiúir an ealaíontóra ghloine Ceara Conway. Bailíodh an seanchas seo ó bheirt bhan, Nan Thomáis Bhig Uí Nia agus Cevan Sheáinín Uí Nia. Bhásaigh Cevan ó tosaíodh ar an tionscnamh seo, go ndéana Dia maith uirthi. Is é Jackie Mac Donncha, an file agus scríbhneoir as Cill Chiaráin a bhí i mbun bhailiú an tseanchais. Chomh maith leis na painéil ghloine, seoladh leabhrán a bhfuil an seanchas agus na painéil léirithe ann.

Is iad Pléaráca a d'eagraigh an tionsnaimh seo le tacaíocht ó Scéim Forbartha na nEalaíon. Bhí Ceara Conway i measc phobal Inis Oírr níos

luaithe i mbliana freisin, áit ar oibrigh sí féin agus grúpa áitiúil ar phainéalacha gloine daite bunaithe ar Oidhreacht na nOileán; *Oileán Trí Ghloine* an teideal a bhí ar an togra seo, bunaithe ar na gnéithe ealaíne, teanga agus oidhreachta. Chuir siad eolas ar na scileanna difriúla atá le feiceáil i ngloine daite, agus ar na modhanna a úsáidtear chun an toradh a bhaint amach agus tá i bhfad

níos mó suime agus eolais ag an ngrúpa anois ar obair Harry Clarke agus ar Evie Hone. Seoladh an fhuinneog le linn scoil samhraidh ar an Athbheochan Cheilteach, “Ceangal Dhá Chultúr”, faoi stiúir Áras Éanna Mí Iúil seo caite.

Fuair an togra seo tacaíocht sparántacht Ealaín, Teanga agus Oidhreachta ó Chomhairle Contae na Gaillimhe agus bhí Ceara Conway ar dhuine de na healaíontóirí a fuair sparánacht ó Ealaín na Gaeltachta i 2006.

Idir

Is tionscnamh faoi stiúir ealaíontóirí a bhí sa togra idirdhiscplíneach seo ina raibh na dearc-ealaíontóirí Bernadette Ní Choitir, Robert Rasmussen, an rinceoir agus córagrafóir comhaimseartha Fearghus Ó Conchúir, an t-amhránaí agus cumadóir Iarla Ó Lionáird agus Ionad Scannánaíochta Chorcaí, faoi stiúir Chris Hurley. D’oibrigh na healaíontóirí seo go léir lena chéile chun saothar nua a chruthú, i bhfoirm taibhshuiteála.

Cuireadh an taibhshuiteáil seo – *idir* – os comhair phobal Gaeltachta Mhúscraí thar dheireadh seachtaine i dtosach Mhí Eanáir 2006. Spreag *idir* daoine chun machnamh a dhéanamh ar an saol agus ar an spioradáltacht agus spreag sé roinnt mhaith acu chun na filíochta, an phróis agus na grianghrafadóireachta.

De réir a chéile, bhí sé soiléir go raibh saothar eile á chruthú dá bharr – smaointí agus tuairimí an phobail agus chomh maith leis sin, smaointí na n-ealaíontoirí féin.

Is é an toradh atá ar an obair go léir seo ná go bhfuil lámhleabhar/catalóg á cur le chéile ag an Ionad Cultúrtha i láthair na huaire le comh-mhaoiniú ó Mheitheal Forbartha na Gaeltachta agus Comhairle Chontae Chorcaí.

Iarla Ó Lionáird

Fuair an taibhshuiteáil Idir tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta, An Chomhairle Ealaíon agus Comhairle Chontae Chorcaí.

Fearghus Ó Conchúir agus Ríonach Ní Néill

AnnÓg ar stáitse agus sa stiúideó

Tá borradh faoi Amharclann na nÓg i gCorca Dhuibhne mar a léiríonn an obair atá ar bun acu ar stáitse agus sa stiúideó.

Osclaíodh dóirse nua d'AnnÓg i rith na bliana seo caite nuair a bheartaíodar tabhairt faoi dhrámaíocht raidió. Iar-bhall d'Aisteoirí Raidió Éireann is ea stiúrthóir an chomhlachta, Áine Moynihan agus bhí fonn uirthi leas a bhaint as a taithí leis an ngrúpa.

Thug Jeaic Ó Muircheartaigh, Ceannaire Raidió na Gaeltachta i gCorca Dhuibhne cuireadh dóibh dráma a ullmhú le taifead i stiúidió Bhaile na nGall agus le craoladh. Bhuail Áine leis an bhfile is an drámadóir Biddy Jenkinson ag Seimineár a d'eagraigh Ealaín ar Oileán in Inis Oírr anuraidh agus d'fhás caidreamh agus cairdeas eadarthu. Ar iarratas ó AnnÓg scríobh Biddy gearrdhráma spleodrach dár teideal Chez Lulu a chuireann síos ar eachtra thar a bheith greannmhar a tharlaíonn i siopa gruagaire. Caitheadh go leor ama ar chleachtadh agus ar thaithí a fháil sa stiúidió roimh an dráma a thaifead. Craoladh é ag tús Mheán Fómhair. Tá súil ag AnnÓg breis drámaí raidió a choimisiniú agus a léiriú amach anseo.

San obair seo tá AnnÓg ag comhlíonadh ceann de na spriocanna a chuir siad rompu féin bliain ó shin – sin ábhar nua drámaíochta a chothú – mar gurbh easpa d'ábhair oiriúnach is ea ceann de na fadhbanna ba mhó a bhí ag an gcomhlacht ón tús. Tá AnnÓg ag tarraingt ar scoth na n-aisteoirí óga in iarthar Dhuibhneach agus tá taithí ghairmiúil faighte ag baill de chliar AnnÓg i dtograí náisiúnta drámaíochta feisin. Gné thábhachtach eile d'obair na bliana ab ea tionscnamh rince le Fearghus Ó Conchúir, an córagrafóir agus rinceoir clúiteach ón Rinn. Baineadh sárthairbhe as na gceardlanna a chuir Fearghus ar fáil don ghrúpa anuraidh agus tá sé féin agus Áine ag súil le tógaint ar an obair sin i dteannta a chéile go luath.

Tá seomra nua aimsithe ag an gcomhlacht sa Daingean a bheidh ina ionad stórála do chultacha agus propaí agus ina ionad oiriúnach le haghaidh cruinnithe agus obair réamhléirithe.

Tá AnnÓg buíoch den urraíocht a fhaigheann siad ó Ealaín na Gaeltachta agus ó Fhoras na Gaeilge agus den tacaíocht a fhaigheann siad óna gcairde go léir.

Féile Haiku i nGort an Choirce

Beidh lucht filíochta agus lucht haiku ag triall ar Ghort an Choirce mar chuid d'Fhéile Idirnáisiúnta Filíochta *Samhain* ón 27–29 Deireadh Fómhair.
I measc na n-aíonna tá Susumu Takiguchi, Uachtarán an World Haiku Club. Beidh ceardlann sa pheannaireacht Sheapánach ar siúl ag Susumu. I láthair freisin beidh Norman Darlington ó Bhun Clóidí. Beidh Norman i gceannas ar sheisiún renk – nascvéarsaíocht, dán a chumann grúpa faoi stiúir an mháistir renku. An chéad véarsa de renku, tugtar hokku air agus is as sin a d'eascair an haiku.

Is iad Cathal Ó Searcaigh agus Gabriel Rosenstock na moltóirí ar an gcomórtas haiku. €6,000 an chéad duais, an duais haiku is mó ar domhan.

Eolas:
www.samhainpoetry.com/Festival.htm

Cathal Ó Searcaigh

Gabriel Rosenstock

Ar chamchuairt léitheoireachta le Beartla Broc

Léitheoireacht na Gaeilge do ghasúir bhunscoile: BEARTLA BROC
Tá laoch na léitheoireachta Gaeilge do pháistí, Beartla Broc, ar ais arís i mbliana agus é ar bís dul ar cuairt ar na leabharlanna i gConamara. I measc na n-imeachtaí éagsúla beidh Beartla Broc ag seoladh Turasleabhar speisialta do na gasúir an geimhreadh seo agus tabharfaidh sé cuairt ar na Leabarlanna ar fud Chonamara agus Árann. Tá Beartla cinnte go bhfuil suim ag na gasúir sna leabhair, agus ba bhreá leis iad a spreagadh chun leanacht ar aghaidh le léitheoireacht na Gaeilge.

Tá tuilleadh eolais le fáil maidir le himeachtaí Bheartla ó Phléaráca Teo. 091/574882. Tá Beartla Broc fostaithe faoi Scéim Litríochta agus Drámaíochta Phléaráca Teo. atá maoinithe faoi Scéim na bPríomhréimsí, le tacaíocht ó Bhord na Leabhar Gaeilge.

Bronadh teastas Tearmann

Tearmann

Tá Cúrsa Profisiúnta Forbartha agus Traenála d'Ealaíontóirí faoi lánseol arís i mbliana.

Is clár trasteorann é Tearmann a chuireann áiseanna ealaíne agus acmhainní cultúrtha comhaimseartha den scoth ar fáil d'ealaíontóirí agus do riarthóirí ealaíne ó gach taobh den teorainn agus ó chontaetha eile in aice láimhe.

Tairgíonn an tionscadal seo deis ar leith d'ealaíontóirí cur lena gcumas cruthaitheach trí fhreastal ar chlár sainiúil oiliúna agus traenála a bheidh faoi anáil láidir na hoidhreachta cultúrtha a mhaireann mórthimpeall orainn.

Tá Tearmann á chreidiúnú ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh tríd an gcúrsa Dioplóma i gCleachtas Ealaíne.

Chun breis eolais a fháil faoi Tearmann is féidir teagmháil a dhéanamh le Judy Ní Ógáin,

Gearóid Ó Smoláin agus Judy Ní Ógáin

Comhordnóir Tionscnaimh, ag:

Fón/facs: +353 (0)74 9531271
Ríomhphost: cloceardlann@eircom.net
Suíomh Idirlín: www.clo.ie

Tá maoiniú faighte ag an gclár seo ón Aontas Eorpach trí Pháirtíocht Lárcheantar Teorann na hÉireann/Chlár Idir-Réigiúnach IIIA na hÉireann/Thuaisceart na hÉireann. Tá an clár á chomh-mhaoiniú ag Údarás na Gaeltachta.

Soiscéal Pháraic

Clár seachtainiúil léirmheasa ar shaol na n-ealaíon in Éirinn agus a mbaineann leis. **8 i.n. gach Déardaoin ar TG4.**

Tionscadal na gComharsan Ceilteach agus Tionól Dhún na nGall

Is comhpháirtíocht é Comharsana Ceilteacha a bunaíodh ar na mallaibh idir Ealaín na Gaeltachta, Proiseact Nan Ealan in Albain agus Theatr Felinfach sa Bhreatain Bheag.

Faoi cheannródaíocht Voluntary Arts Wales agus le tacaíocht ón Carnegie Rural Commission, tá sé mar aidhm aige na heagraíochtaí ealaíon agus cultúrtha ón nGaeltacht anseo in Éirinn, ó na ceantair in Albain ina labhraítear Gaeilge na hAlban agus ó na pobail a labhraíonn Breatnais sa Bhreatain Bheag a thabhairt le chéile.

Mar chuid de phróiseas Thionscadal na gComharsan Ceilteach ar feadh na trí bliana amach romhainn, beidh Tionól eagraithe uair sa bhliain a bheas ina áit chruinnithe do dhaoine a chónaíonn agus a oibríonn laistigh de na trí chultúr, gach duine acu ag saothrú i gcultúr mionlaigh agus i gcultúr dátheangach i gcoinne na ndúshlán céanna.

Ceangal

Beidh Tionól Dhún na nGall, Ceangal, ar siúl i nGaeltacht Dhún na nGall ón Déardaoin 23–25 Samhain 2006. Le linn an tionóil, tabharfar chun suntais cuid de na samplaí is fearr de na gníomhaíochtaí ealaíon agus cultúrtha atá ag tarlú sa saol Gaelach, in Éirinn agus in Albain araon, agus i measc na bpobal Breatnaise sa Bhreatain Bheag. Beidh sé mar phríomhchuspóir an Tionóil scileanna, deachleachtas agus smaointe cruthaitheacha a roinnt agus a mhalartú idir na grúpaí cultúrtha ó na trí réigiún, trí chur i láthair agus trí shaincheisteanna a chaibidil, le béim ar leith ar an obair atáthar á déanamh sna teangacha dúchasascha.

Tuilleadh eolais:
Mícheál Ó Fearraigh,
Údarás na Gaeltachta,
Doirí Beaga,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall.
Teil. (074) 9560100;
m.fearraigh@udaras.ie

An tAgallamh

Louis de Paor, stiúrthóir ar Ealaín na Gaeltachta

PEANN LOUIS

Cén ról is tábhachtaí atá ag Ealaín na Gaeltachta, dar leat féin?
Creidim an-mhór san ealaíontóir aonair agus is dóigh liom gur cheart go mbeadh sé/sí chun tosaigh i gcónaí nuair a bhíonn maoiniú a dhéanamh ar na healaíona. Chomh maith leis sin, áfach, bheinn go láidir ar son tacú le heagrais atá ag cabhrú leis na healaíona a chothú agus a chur i láthair an phobail

Cén fhís atá agat d'ealaíontóirí agus do na healaíona trí chéile sa Ghaeltacht?
Is dóigh liom gur cheart féachaint chuige go mbeadh na deiseanna céanna ag ealaíontóirí Gaeltachta agus ag lucht féachana/éisteachta/léite sa Ghaeltacht is a bheadh ag a macasamhail in aon áit eile i réimse na n-ealaíon. Ba cheart go mbeadh an ealaín ar siúl i measc an phobail agus ní i leataobh uaidh mar a tharlaíonn go rómhinic.

Ó tharla go mbíonn cultúir ag síorathrú, an bhfeiceann tú mórán difríochtaí idir cultúr na Gaeltachta agus cultúir eile sa lá atá inniu ann nó an é go bhfuil chuile chultúr ag dul sa treo céanna? An bhfuil rud ar bith faoi leith againn fós le hofráil?

Bhíos amuigh ar Inis Oírr le buíon ealaíontóirí Gaeilge i gcaitheamh an tsamhraidh agus is é an rud is mó a chuaigh i bhfeidhm orm ná an tslí go raibh ealaíontóirí óga ón nGaeltacht ag dul le foirmeacha ealaíne nach samhlaímid de ghnáth le traidisiún ná le dúchas na Gaeilge – daoine ar nós Ceara Ní Chonbhaigh ón gCeathrú Rua, mar shampla, a bhí ag gabháil do ghloine dhaite, nó Rachel Holsted ó Lios Póil atá ag plé le ceol clasaiceach. Bítear ag gearán go minic nach bhfuil scríbhneoirí óga ag teacht chun cinn sa Ghaeilge mar a bhí ach b'fhéidir go bhfuil réabhlóid tarlaithe i ngan fhios dúinn .i. go bhfuil ealaíontóirí óga ón nGaeltacht anois ag plé le modhanna ealaíne a samhlaíodh roimhe seo leis an uaschultúr Gallda, is go bhfuil a gcuid féin a dhéanamh acu de na múnlaí seo a fuarthas ón iasacht. Ábhar mór dóchais don nGaeilge agus don nGaeltacht is ea é seo, dar liom, cé gur drochthuar é, b'fhéidir, don bhfilíocht agus don bprós.

Céard atá idir lámha agat féin faoi láthair?
Tar éis dúinn breis agus fiche bliain a chaitheamh ag caint mar gheall air, tá mé féin agus John Spillane tar éis CD lánGhaeilge a thaifeadadh, cnuasach d'amhráin agus de dhánta Gaeilge a eiseoidh EMI in Éirinn an mhí seo. 'The Gaelic Hit Factory' an teideal atá air. Is é John Reynolds a léirigh é agus is dóigh linn féin go bhfuil gaisce déanta aige leis an gcóiriú. Chomh maith leis sin, tá súil agam leabhar nua filíochta Cúpla Siamach an Ama a chur amach roimh Nollaig.

Céard a mhúscail thú le scríobh an chéad lá?
Cén uair a chuir tú suim i scríobh na filíochta? Bhí go leor de na daoine a bhí in aon rang liom ar scoil ag plé le ceol agus toisc ná raibh aon nóta agam féin, chuas le filíocht!

Cén chaoi a dtéann tú féin i mbun pinn go hiondúil? Agus tú ag cumadh dánta, an gcloiseann tú an fhuaim nó an focal i dtosach nó an é go ritheann smaoineamh/mothúchán leat i dtosach?
Féachaim le roinnt ama a chur i leataoibh gach seachtain le haghaidh na scríbhneoireachta, díreach lena chur in iúl dom féin gur cuid thábhachtach dem shaol is ea í agus spás a

ghearradh amach don tsamhlaíocht. Sin é an t-aon difear, dar liom, idir scríbhneoirí agus daoine eile – go dtugaimid an spás sin dúinn féin is go mbíonn toradh éigin air sin. Ní mar a chéile aon dá dhán ach tá sé tabhartha fé ndeara agam go dtosnaíonn an próiseas agam féin go minic le nasc éigin idir dhá rud nach samhlaítear le chéile de ghnáth, nó le mothú éigin doiléir nach dtuigim go rómhaith is gur tríd an scríobh a fhaighim greim cheart ar an mothú sin.

An gcruthaíonn tú saothair ealaíne ar mhaithe le tú féin a shásamh, nó leis an bpobal a shásamh nó a dhúiseacht?
Mar mhaithe leat fhéin a thosnaíonn sé, is dóigh liom, ach go gcaitheann tú dul lasmuigh díot féin ina dhiaidh sin nó ní bheidh agat ach iontráil i ndialann phríobháidach. Ar shlí, ní bhíonn tú cinnte gur éirigh leat tú féin a chur in iúl go dtí go ndéarfaidh duine eile leat gur chuaigh do dhán i bhfeidhm air/uirthi, gur aithin sé/sí cuid éigin dá m(h)othú féin ann.

Céard é an dushlán is mó a bhaineann leis an bhfilíocht trí Ghaeilge don todhchaí?
Chomh fada is go mbeadh buíon bheag daoine ag gabháil di ar shlí lándáiríre, ní dóigh liom go bhfuil aon bhaol uirthi. Ar an dtaobh eile de, is daoine meánaosta iad formhór na ndaoine atá á dhéanamh sin i láthair na huaire agus ní maith liom é sin. Mar atá ráite agam cheana, áfach, déarfainn gur rud an-dearfach don nGaeilge féin gur mó atá daoine óga ag dul le modhanna eile ealaíne seachas an fhilíocht – le teilifís, raidió, scannáin, iriseoireacht, agus a leithéid.

"Tá sé dochreidte nach bhfuil cuid de na saothair is cumasaí dar scríobh Máirtín Ó Cadhain ar fáil i mbliain seo a chomórtha."

Anois agus bliain chomórtha Mháirtín Uí Chadhain beagnach thart, céard é do bharúil faoi rochtain an phobail ar a shaothar agus ar aitheantas Mháirtín i gcomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta?
Braithim go bhfuil i bhfad níos mó cainte ann mar gheall ar Mháirtín Ó Cadhain le bliain anuas i nGaeilge agus i mBéarla. Ní chiallaíonn



“Tar éis dúinn breis agus fiche bliain a chaitheamh ag caint mar gheall air, tá mé féin agus John Spillane tar éis CD lánGhaeilge a thaifeadadh, cnuasach d’amhráin agus de dhánta Gaeilge atá eisithe ag EMI in Éirinn. ‘The Gaelic Hit Factory’ an teideal atá air.”

sé sin, áfach, go bhfuil níos mó daoine á léamh. Tá sé dochreidte nach bhfuil cuid de na saothair is cumasaí dar scríobh sé ar fáil i mbliain seo a chomórtha – Cré na Cille, An tSraith ar Lár, agus An tSraith dhá Tógáil.

Dá mbeifeá ag cur comhairle ar dhuine óg agus é/í ag dul i mbun pinn, céard a déarfá leis/léi?

An rud is tábhachtaí ar fad ná bheith ag scríobh chomh mór agus is féidir leo, is gan a bheith ródhian orthu féin go fóill. Is é an t-eagarthóir/cinsire inmheánach an namhaid is mó a bheidh agat ag tosnú amach duit agus is ceart cluais bhodhar a thabhairt air go dtí go mbeidh tú ábalta dul i gleic i ceart leis. Is é an rud is tábhachtaí ar fad ná bheith dílis ded mhothú féin. . . .

imeachtaí

Ionad Cultúrtha Bhaile Mhuirne
20 Deireadh Fómhair **Manus McGuire, Jackie Daly agus Garry O'Brien**
10 Samhain **Buaiteoirí an Oireachtais, Dordán – Mary Bergin, Martina Goggin, Kathleen Loughnane, Dearbhaill Standún,**
30 Samhain **Idir Eaturtha** Seó nua le Feargus Ó Conchúir agus Ríonach Ní Néill, Damsha Comhaimseartha
1 Nollaig **Mícheál Ó Ruairc** Le Stravinsky Quartet
15 Nollaig **Londubh** Seán Tyrrel, Siobhán Peoples, Christy Barry agus Paul Dooley

Taispeánais Ealaíne:
Deireadh Fómhair/Samhain/Nollaig: **Tacaois**
Nollaig: **Taispeántas na hÉigse**

Peadar Ó Riada (Cór Ban Chúil Aodha

Ceardlanna:
Drámaíocht do Dhaoine Óga le Noreen Mac Suibhne
Ceol Traidisiúnta le Henry Cronin
Amhránaíocht ar an Sean-Nós le Máire Ní Chéilleachair (Scéim Aisling Geal)
Dearc-Ealaíon do Sheanóirí le Bernadette Ní Choitir (Tacaois)
Drámaíocht do Dhaoine Fásta le Liam Ó Mathúna (Aisteoirí Ghobnatan)
Cór le Peadar Ó Riada (Cór Ban Chúil Aodha)
Casadh Clár taighde á dheanamh ag an gcóragrafóir comhaimseartha Fearghus Ó Conchúir agus an cumadóir comhaimseartha Rachel Holstead.
Ealaíontóir sa Phobal
An scríbhneoir Liam Ó Muirthile ag comhoibriú le hAisteoirí Ghobnatan chun dráma nua a scríobh agus a chur ar stáitse.

Athbhliain le hAltan: Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy 27 Nollaig 2006–2 Eanáir 2007

Dordán

Doire

Oireachtas na Gaeilge
Céadaoin-Domhnach, 1–5 Samhain 2006,

An Rinn

Faoi láthair tá muintir na Déise ag bailiú amhráin Sean Nóis ón Rinn agus ón Sean Phobal ó mhuintir na háite faoin scéim Dúthaigh Gheal Déise. Tá siad ag cur na n-amhrán ar CD agus ag déanamh taifid ar na seanóirí á gcanadh. Tá súil acu suíomh idirlín a chruthú ar a mbeidh na hamhráin ar fad i scríbhinn agus ar a mbeidh daoine ábalta blúirín de na hamhráin a chloisint.

Gaoth Dobhair

Beidh Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy ag rith ón 27 Nollaig 2006–2 Eanáir 2007. Tuilleadh eolais ó www.frankiekennedy.com

Ciarraí

23 – 29 Deireadh Fómhair
Samhlaíocht: Féile Scannánaíochta Chiarraí. Eolas: www.kerryfilmfestival.com

Gort an Choirce

27–29 Deireadh Fómhair
Féile Idirnaisiúnta Filíochta 'Samhain' i nGort an Choirce, 27–29 Deireadh Fómhair

Baile Átha Cliath

15 Samhain **Taispeántas**
Beidh taispeántas ealaíne le Bob Ó Cathail ar siúl in Airfield House, Dún Droma, Baile Átha Cliath, 7.30. 'Sé 'Quest' (Péinteáin Nua ó Chorca Dhuibhne) ainm an taispeántas agus is é Trevor Sargent TD ceannaire an pháirtí ghlais a dhéanfaidh an oscailt.
www.bobcahill.com

Áisitheoirí Ealaín na Gaeltachta
Connachta & Co. na Mí:
Muireann Ní Dhroighneáin
(091) 503220
m.nidhroighneain@udaras.ie

Mumhan:
Máire Hearty
(066) 9150100/ (026) 45366
m.hearty@udaras.ie

Tír Chonaill:
Feidhmeannach Forbartha:
Mícheál Ó Fearraigh
(074) 9560100 m.fearraigh@udaras.ie

Ealaíontóirí/Eagrais Ealaíne Iarratais á lorg

Cuirfear fáilte roimh iarratais ó dhaoine aonair agus ó ghrúpaí leasmhara ar suim leo tionscadail nó seirbhísí ealaíne a fhorbairt/a sholáthar trí mheán na Gaeilge.
Scéim Fhorbairt na nEalaíon (Scéim Maoinithe), mar shampla:
Tionscadail faoi stiúir ealaíontóra/tréimhsí cónaithe/coimisiúin/ealaíona pobail/ceardlanna/seimineáir & taispeántais/léiriúcháin
B) Sparánachtaí d'ealaíontóirí le saothar ealaíne a chruthú.

Spriocdháta: 2 Feabhra 2007

Tuilleadh eolais, foirmeachta iarratais ar fáil ó **www.ealain.ie** nó ó na hÁisitheoirí Ealaíne.